C/2025/6253

19.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12162 — BP / CORTEVA / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6253)

1. An 11 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BP p.l.c. ('bp', An Ríocht Aontaithe),

— Corteva, Inc. ('Corteva', na Stáit Aontaithe),

— Corteva BP LLC (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh bp agus Corteva rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Corteva BP LLC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é bp máthairchuideachta grúpa fuinnimh atá gníomhach ar fud an domhain i soláthar ola, gáis nádúrtha, peitriliam agus táirgí peitriceimiceacha, agus fuinneamh malartach, lena n-áirítear breosla eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh agus a dhíol,

— Is máthairchuideachta grúpa talmhaíochta é Corteva atá gníomhach ar fud an domhain i dtáirgeadh agus i ndíol síolta agus táirgí cosanta barr, lena n-áirítear síolta is féidir a úsáid chun amhola phlandúil a tháirgeadh.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Corteva BP LLC tráchtálú amhola plandúla (bunábhar ola) a dhíorthaítear ó bharra sonracha (i.e. olashíolta canóla agus olashíolta mustaird a fhástar sna Stáit Aontaithe agus olashíolta lus na gréine a fhástar sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Rómáin), a úsáidfear go príomha chun breosla eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh agus a dhíol a chomhlíonann Cuid A (t) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhair chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgeadh a chur leis, arna leasú le Treoir Tharmligthe (AE) 2024/1405 ón gCoimisiún an 14 Márta 2024. Díolfaidh sé min olashíl freisin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12162 — BP / CORTEVA / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË